Leabhrán Eolais do thuismitheoirí
Gaelscoil Charraig Uí Leighin

A thuismitheoir, a chara,

Fearaimíd céad míle fáilte romhat féin agus do leanbh go dtí'n scoil seo.

Tá súil againn go mbeidh na blianta a chaithfidh do leanbh inár dteannta, ina am tairbheach agus taitneamhach dó/dí agus go mbeidh do theangbháil leis an scoil ina chúis áthais duit.

Ainm na scoile: Gaelscoil Charraig Uí Leighin

Seoladh: Carraig Uí Leighin
Co. Chorcaí.

Fón: 021 4373399

Ríomhphost: gaelscoilcul.ias@eircom.net

Suíomh idirlíon: gaelscoilcul.ie

Príomhoide: Bríd Úna Ní Mhaoileoin

Príomhoide Ionaid: Martina Uí Dhubhghaill

Príomhdoidí Cúnta: Séamus de Lóndra
Seán Mac Cárthaigh

Étóis na scoile:

Is bunscoil comhoideachasúil í Gaelscoil Charraig Uí Leighin, atá ag feidhmiú faoi phátrúnacht Easpag Chorcaí agus Rois.

Is Gaelscoil í an scoil seo. Is í an Ghaeilge teanga cumarsáide laethúil na scoile. Is trí mheán na Gaeilge a mhúintear na hábhair agus a dhéantar gnáth chaidreamh agus comhrá. Iarraimíd ort cabhrú agus tacaíocht a thabhairt dúinn le hatmaisféar Gaelach, a chothú i dtimpeallacht na scoile trí úsáid a bhaint as pé mhéíd Gaeilge atá agat.

Feidhmíonn an scoil faoi ghnáth rialacha na Roinne Oideachais agus Scileanna. Leantar an curaclam agus treoracha eile mar atá leagtha síos ag an Roinn.

Tá Bord Bainistíochta a dhéanann an scoil a riaradh go héifeachtach, ag feidhmiú sa scoil.

Bord Bainistíochta: Tá Bord Bainistíochta na scoile freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar an scoil agus a chinntiú go bhfuil sí á riaradh agus ag

feidhmiú go héifeachtach. Tá ochtar ball ar an mBord: an príomhoide, múinteoir roghnaithe ag an bhfoireann, beirt thuismitheoir roghnaithe ag tuismitheoirí na scoile, beirt roghnaithe ag an bpátrún agus beirt ón bpobal áitiúil.

Baill den Bhord Bainistíochta 2011-2015……..

Cathaoirleach + roghnaithe ag an bpatrún:	Éamonn Ó Cearnaigh
Roghnaithe ag an patrún:	Colm Ó Ruairc
Príomhoide:	Bríd Úna Ní Mhaoileoin
Ball na foirne:	Ciara Nic Gearailt
Baill na dtuismitheoirí:	Audrey Murphy
	Conor Kirwin
Baill an phobail:	Nóirín Ní Shúilleabháin
	Ray Ó Conaill

Caomhnú Leanaí: Tá an scoil seo ag leanúint na treoracha i Tús Áite do Leanaí 2011. (Children First). Is í an príomhoide Bríd Úna Ní Mhaoileoin an duine ainmnithe caidrimh agus is í Martina Uí Dhubhghaill an leas duine ainmnithe caidrimh.

Stair:

Grúpa de thuismitheoirí fadradharcach, mhisniúil, a bhunaigh an scoil i 1985. Ó bunaíodh an scoil, tá béim láidir ar an gcomhoibriú idir an scoil agus an baile, le dea- ghaol a fhorbairt. Is gnéith dearfach agus inmholta dúinn ar fad go bhfuil tuismitheoirí, teaghlaigh, leanaí agus múinteoirí ag oibriú as lámh a chéile, ar son leasa an pháiste.

Aidhmeanna na scoile:

Is é príomh aidhm na scoile seo ná iarracht a dhéanamh freastal go cóir, cothrom ar riachtanais foghlama gach leanbh atá mar dhalta inár scoil. Déantar timpeallacht spreagúil a chothú go laethúil, chomh maith le hatmaisféar dearfach, cáirdiúil a théann chun tairbhe an pháiste ina s(h)aol scoile. Oibríonn pobal uile na scoile go dícheallach le dea-chaidreamh agus dea chumarsáid a chur chun cinn i gcónaí, chomh maith le béim a chur ar an nGaeilge mar theanga caidrimh sa scoil. Iarrtar ort tacú linn chun go leanfaidh an spiorad comh- oibreach seo ag dul ó neart go neart.

Le pobal na scoile ag oibriú le chéile, déanfar iarracht árd chaighdéan oideachais a chur ar fáíl do leanaí na scoile agus le freastal ar na riachtanais pearsanta foghlama atá ag gach leanbh, chun go mbeidh an múineadh oiriúnach agus spreagúil do gach dalta.

Cuirfear béim ar shealbhú agus ar shaibhriú na Gaeilge chun go mbeidh na daltaí líofa sa Ghaeilge agus dá réir, dhá theangach.

Am ar scoil:

Naíonáin – Rang 6: 08:50r.n - 02:30i.n

Tá Bord Bainistíochta na scoile freagrach as na daltaí ó 08:50r.n, am tosaithe, gach lá Luan go hAoine go dtí go ndúnann an scoil go hoifigiúil ar 02:30i.n

Naíonáin: 08:50r.n - 01:30i.n.

Is féidir leis na naíonáin dul díreach chuig an seomra ranga nuair a thagann siad ar scoil ar maidin. Osclaítear an doras taréis 08:40r.n.

Bailíonn na leanaí sa chlós i línte de réir ranga gach maidin. Nuair a bhíonn sé ag cur báistí ar maidin, téann siad chuig an halla,áit a fhanann siad ina línte go 8.50r.n.

Sos:

Naíonáin & Rang 2: 10:20 i.n – 10:35 r.n

Rang 3 go Rang 6: 10:45 i.n – 11:00 r.n

Lón:

Naíonáin & Rang 1 & 2: 12:25i.n - 12:40i.n

Rang 3- 6: 12.55 i.n - 13:10i.n

Ag teacht agus ag fágáil na scoile:

Tugann tuismitheoir/ caomhnóir/ dearthár nó deirfiúr níos sine, na leanaí naíonáin chuig an doras. Bailíonn gach éinne eile sa chlós, ina línte ranga sa chlós.

Páirceáil: Iarrtar ort a bheith cúramach agus páirceáil ins na hionaid oiriúnacha lasmuigh den scoil. Ní bhíonn cead ag éinne páirceáil i gclós na scoile agus gan dabht, gan parcáil sna geataí riamh, ag cuir cosc ar ghluaiseacht.

Lón ar scoil: Tugann na leanaí lón leo ar scoil ina mbosca lóin. Tá cinneadh déanta ag an scoil, go mbeidh polasaí dearfach i leith bia againn agus iarrtar ort a chinntiú go bhfuil an lón a thugann do leanbh leis/leí sláintiúil. Níl cead ag leanaí buidéil gloine, deochanna carbóin, guma coganta, criospaí srl a thabhairt ar scoil. Is féidir 'treat' beag a thabhairt dod' leanbh ar an Aoine.

Cnónna: Iarraimíd ort freisin gan cnónna nó táirgí le cnónna ann a thabhairt ar scoil, ar bhonn slainte. Tá alán leanaí sa scoil go bhfuil anaphalaxia acu.

Éide Scoile: Tá éide iomlán na scoile le fáil go háitiúil ar an mbaile nó ó siopaí eile.

Cailíní: Geansaí/cairdeagan, sciorta/pinafore/ bríste dubhghorm; blús gorm agus carbhat.

Buachaillí: Geansaí + bríste dubhghorm; léine dubhghorm agus carabhat.

Éide Spóirt: Tá ár n-éide spóirt féin againn sa scoil, a fhaighimíd ó Dot Cotton. Órdaíonn tú an éide spóirt agus íocann tú as. Bíonn an éide spóirt ar fáil sa scoil i mí Lúnasa, nuair a thosaíonn do leanbh.

Bróga Reatha: Bróga 'non marking' ag teastáil don halla agus bheimís ar fad an-bhuíoch dá mbeadh bróga gan iallacha ag daltaí!

Bainne: Tá bainne le fáil ag aon leanbh gur mian leo gach lá. Íocann tuismitheoirí as an mbainne (timpeall €35 go bliantúil) ag tús na scoilbhliana, nuair a théann an bille amach. Tá sé tábhachtach a chur in iúl don mhúinteoir go bhfuil bainne uait dod' leanbh nó nach bhfuil, chomh luath agus is féidir.

Leabhair Scoile: Ceannaíonn an scoil na leabhair go léir a bheidh ag teastáil ó do leanbh sna naíonáin bheaga. Beidh siad ar fáil sa scoil dó/dí nuair a thosóidh siad i mí Lúnasa.

Tabharfar na leabhair don leanbh ag tús na scoilbhliana le gur féidir clúdach a chur ar a leabhair féin. Tugann sé seo deis duitse mar thuismitheoir na leabhair a aithint, féachaint orthu agus eolas a bheith agat faoi cad a bheidh ar siúl ag do leanbh. Beidh siosúir, marcóirí/twistables, pinnluaidhe, criáin srl ar fáil sa scoil freisin.

An Curaclam;

Tá an curaclam céanna á leanúnt sa scoil seo is atá i mbunscoileanna eile na tíre. Múintear na hábhair tré mhéan na Gaeilge.

Déanann foireann teagaisc na scoile seo gach iarracht gach ghnéith den churaclam a chur chun cinn go héifeachtach. Déanaimíd iarracht freastal ar riachtanais foghlama gach dalta chomh maith le cabhrú le forbairt iomlán an pháiste.

Imeachtaí na bliana inár scoil:

De ghnáth, tárlaíonn siad seo a leanas i rith na bliana.

- **Dráma na Nollag/** Seirbhís na Nollag
- **Turas Scoile:** téann gach leanbh sa scoil ar thuras ag deireadh na scoilbhliana
- **Spórt:** Imríonn na leanaí peil, iománaíocht, camógaíocht, rugbaí, sacar agus cispheil.
- **Banna Ceoil:** Bíonn na leanaí ó rang 3 ar aghaidh ag freastal ar rang don bhanna ceoil. Buaileann an banna le chéile go míosúil le poirt a chleachtadh.
- **An Fheadóg:** Foghlaimíonn na daltaí ar fad an fheadóg ó Rang 2 ar aghaidh
- **Cór na Scoile:** Glacann na leanaí ó rang 3 ar aghaidh, páirt sa chór scoile. Canann siad d'imeachtaí scoile.

Tá na himeachtaí seo a leanas urraithe ag Bord Bainistíochta na scoile:

- **Urlabhraíocht & Dráma:** Glacann na daltaí ar fad ó Naíonáin go Rang 6 páirt sna ranganna drámaíochta ag amanta difriúla den mbliain.
- **Fraincís:** Faoi láthair, tá múnteoir againn atá ag múineadh an Fhraincís do ranganna 5 agus 6. Íocann an Bord Bainistíochta as an múinteoir seo.
- **Snámh:** Téann daltaí ó Rang 3 & 4 go ranganna snámha ar chostas €50.
- **Rince Gaelach:** Bíonn ranganna rince ar siúl le linn na bliana do leanaí ranganna 1 -3.

Fón Póca: iarraimíd ort tacú leis an scoil agus sin ag deileáil leis an gceist seo. Níl bac ar leanaí fón póca a bheith acu ar scoil ach níl cead an fón a bheith ar siúl sa scoil. Má thugann do leanbh fón ar scoil, tá an dualgas air/uirthi a bheith freagrach as agus an fón a mhúchadh laistigh de gheataí na scoile.

Málaí Leithris: Bíonn mála leithris ag gach leanbh ag teacht ar scoil sa mhála scoile, ina bhfuil gallúnach agus tuáille beag.

Uimhir Thagartha: Tá sé rí-thábhachtach go mbeadh uimhreacha thagartha, atá oiriúnach le húsáid agus suas chun dáta le fáil ag an scoil. Is é an polasaí atá sa scoil, ná fios a chur ar thuismitheoirí má bhíonn leanbh ag gearán faoi thinneas, i bpian srl nó má thárlaíonn gortú dó/dí.

Nótaí chun na scoile: Iarrtar ort comhoibriú linn agus nóta i scríbhinn a chur isteach má tá do leanbh-

- As láthair ón scoil ar aon lá scoile
- Ag fágáil na scoile i rith an lae scoile m.sh ag dul go fiaclóir
- Á choiméad istigh ón gclós ar feadh tréimhse de bharr gortú nó breoiteacht
- Á bhailiú ag duine éigin nach bhfuil aithne ag an múinteoir ranga air/uirthi.

Ag bailiú leanbh ón scoil: Ba cheart duit dul chuig an oifig i gcónaí lena chuir in iúl go bhfuil tú sa scoil. Déanann gach éinne a n-ainm a shíniú leis an leanbh a thógáil ón scoil.

Ag bualadh le múinteoir nó príomhoide:

Má theastaíonn uait bualadh le múinteoir, ba chóir coinne a dhéanamh roimhré chun bualadh le múinteoir nó leis an bpríomhoide i gcónaí ach

amháin i gcás práinne. Cabhraíonn sé seo le gach duine a bheith réidh don chruinniú agus an fiúntas is fearr a bhaint as an gcruinniú.

Obair Bhaile:

Rang 1 – 6: Bíonn obair bhaile foirmeálta ag na daltaí ó ranganna 1 go 6 gach Luan go Déardaoin.

Naíonáin: Bíonn cleachtaí beaga ag na naíonáin nó bíonn leabhair leabharlainne á dtabhairt abhaile acu le go mbeadh tú ag léamh dóibh.

Is am é seo inar féidir leat a bheith gníomhach agus dearfach maidir le hoideachas agus eolas a fháil faoi cad é go díreach atá ar siúl ag do pháiste ar scoil. Ba chóir go mbainfeadh do leanbh agus tú féin taitneamh agus tairbhe as an am seo le chéile.

Tinreamh ar scoil: Tá sé de dhualgas dleathach ar an scoil asláithreachtaí de 20 lá nó os a chionn, a chur in iúl dos na heagraíochtaí oiriúnacha anois. Bí cinnte go bhfuil nóta mínithe scríofa agat faoi haon asláithreacht chuig an múinteoir ranga.

Dea Iompar sa scoil:

Tá béim faoi leith orthu seo leanas, le meon aigne dearfach a chothú maidir le hiompar inár scoil.

- Dea-fhoghlaim
- Dea-chumarsáid
- Meas
- Sábháilteacht

Caithfidh comhoibriú agus comhaontas láidir a bheith i measc phobal na scoile chun árd chaighdeán iompair a bhaint amach. Tá an scoil ag súil le comh oibriú maith idir an scoil agus an baile le dea chleachtas iompair a chur i bhfeidhm. Chun árd chaighdeán a bhaint amach, éilímíd go gcuirfear na haidhmeanna seo i gcrích....

- A chur ar chumas na scoile agus an pobal as a dtagann sí, feidhmiú i slí tuisceanach, coinsiasach, ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbairt
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint againn ar a chéile agus go dtugtar aitheantas do dhínit gach duine.
- Iompar dhearfach, freagracht phearsanta agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt aird ar na difríochtaí idir leanaí agus an gá atá le freastal ar na difríochtaí sin.

Ba mhaith linn go mbeadh gach leanbh ábalta a dtréimhse ama a chaitheamh linn, i n-atmaisféar taitneamhach, cabhrach agus sábháilte. Tá sé seo

riachtanach le go mbeidh deis ag gach leanbh atá ag freastal ar an scoil a mbuaicphointe pearsanta féin a bhaint amach mar is dual dó/dí. Leis seo a bhaint amach, ní foláir do thuismitheoirí, múinteoirí agus na páistí a bheith ag obair le chéile, ar son leasa an pháiste agus leasa an phobail scoile ar fad.

Ag rothaíocht ar scoil: Cé go bhfuil béím ar a bheith aclaí, iarrtar ort a bheith ciallmhar agus rialacha a leanúint – túirlingt den rothar sa timpeallacht scoile agus clogad a chaitheamh i gcónaí.

Peataí sa chlós: Iarraimíd ort a bheith tuisceanach agus gan madraí nó peataí eile a thabhairt isteach sa chlós, áit ina bhfuil alán leanaí.

Ainm ar éadaí/ leabhair srl: Bí cinnte led'thoil go bhfuil ainm do pháiste ar gach rud a bhaineann leis/léi sa scoil – mála, cóta, éide scoile, éide spóirt, leabhair srl. Is feidir é seo a scríobh le marcóir.

Cuireadh chun féasta: Tá cosc iomlán á chur ar chártaí a thugann cuireadh chun féasta a thabhairt amach tríd an scoil. Níl cead ag aon mhúinteoir na cártaí seo a thabhairt amach do leanbh ar bith. Tá sé suas chun tuismitheoirí féin modh eile a roghnú le cuireadh a thabhairt.

Scoil Glas: Tá béim curtha athchúrsáíl sa scoil seo. Tugann na leanaí aon lón nó aon bhrúscar a bhíonn acu abhaile leo. Bíonn bosca athchúrsála ins an seomra agus bíonn buicéad múirín ar fáil leis. Cuirtear gach rud sna boscaí cearta.

Nóta Eolais: Tá sé tábhachtach nótaí a théann abhaile ón scoil a léamh go cúramach i rith na bliana. Tugann na nótaí seo eolas faoi chruinnithe foirne, laethanta inseirbhíse, imeachtaí scoile, dea-scéal srl don phobal. De ghnáth, bíonn siad clóbhuailte ar pháipéar buí.

Sula dtosaíonn do leanbh ar scoil, iarraimíd ort:

- Labhairt go dearfach le do pháiste faoin scoil
- Dea iompar a aithint agus a mholadh
- Scéalta a léamh dod' leanbh go rialta
- Focail Ghaeilge a labhairt sa bhaile
- An Ghaeilge a labhairt, (fiú cúpla focal nó nathanna srl, i dtimpeallacht na scoile).
- Teangbháil/gaol dearfach a chothú leis an scoil

Coiste Cairde na scoile:

Is grúpa de thuismitheoirí an Coiste Cairde a thugann tacaíocht iontach don scoil. Tagann an coiste le chéile go míosúil sa scoil. Tá an coiste an-ghníomhach i saol laethúil na scoile ag eagrú imeachtaí difriúla m.sh Cóisir na Nollag, Lá Bí Folláin sa scoil agus ag eagrú imeachtaí shóisialta do thuismitheoirí.
Eagraíonn siad imeachtaí freisin le hairgead a bhailiú don scoil chomh maith. Cuireann an coiste go mór le saol na scoile agus le hatmaisféar dearfach, comhoibritheach a chothú sa timpeallacht scoile.

Foireann na scoile 2014 - 2015

Múinteoirí na scoile:

Bríd Úna Ní Mhaoileoin…Príomhoide
Martina Uí Dhubhghaill …Leas Phríomhoide
Séamus de Lóndra…….Príomhoide Cúnta
Seán Mac Cárthaigh …….Príomhoide Cúnta
Máire Uí Shúilleabháin
Cláír Uí Mhaoláin
Elaine Ní Bhrosnacháin
Neasa Ní Lúing
Aoife Ní Luasa
Úna Pléamonn
Ailíse Nic an Ultaigh
Gregg Ó Loineacháin
Úna Ní Chonchúir
Doireann Ní Mhurchú
Orla Ní Chathasaigh
James Ó Murchú
Máiréad Ní Aodha
Úna Ní Mhongáin
Ciara Nic Gearailt
Orla Ní Chrualaoí
Therese Ní Dhuibhir
Colette Nic Sitric
Máire Ní Longáin
Brian Ó Muirgheasa/ Caitríona Uí Liatháin
Siobhán Ní Chuana

Rúnaí: Mary O Donnell

Feighlí: Billy O Shea /Noel Keating

Cuntóirí Riachtanais Speisialta sa scoil:

Eibhlín de Lóndra
Linda Ní Néill
Laura Ní Fhearghaíll

Guímíd gach rath agus séan ort féin agus do leanbh le linn do thréimhse linn ar scoil.

Is é manna na scoile seo ná:

"Mol an óige, is tiocfaidh sí".

Creidimíd go láidir go bhfuil gá againn oibriú le chéile chun dearcadh agus meon dearfach a chothú agus le hatmaisféar bríomhar a fhorbairt inár scoil. Iarraimíd ort tacú linn san obair thábhachtach seo.
Ba mhaith linn daoine óga a fheiceáil inár bpobal a bheidh tuisceanach, muiníneach agus coinsiasach sa todhchaí.

"Ní neart go cur le chéile".

Tá an scoil ag oscailt ar an Déardaoin, 27ú Lúnasa 2015, taréis saoire an tSamhraidh.

Gaelscoil Charraig Uí Leighin ag dul go foirgneamh nua. Tá sé fograithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil sé i gceist acu foirgneamh nua a thógáil do Ghaelscoil Charraig Uí Leighin ar Campus nua, ina mbeidh Meánscoil nua, Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin agus Scoil Sonas. Tá súil againn go mbeimíd sa scoil nua seo i 2016 nó 2017.
Beimíd ag súil le do leanbh a fheiceáil sa scoil, ar an 27ú Lúnasa, 2015.

Is mise le meas

_____

Bríd Úna Ní Mhaoileoin
Príomhoide.

* Beidh an scoil i dteagmháil leat sa Bhealtaine maidir le do leanbh teacht ar scoil maidin I mí an Mheithimh ar feadh timpeall uair, le taithí a fháil agus an scoil a fheiceáil.